

# ELeathanach280

Dé Luain 11 Nollaig 2017

Bainigí taitneamh as an mbriseadh. Beidh an *ELeathanach* ar ais ar 8 Eanáir 2018!

## Luas nua i mBaile Átha Cliath

Dé Sathairn seo caite, d'oscail Luas (an comhlacht taistil) líne nua sa phríomhchathair. Bhí sráideanna bun os cionn ag na hoibreacha le ceithre bliana i lár na cathrach!!

Roimhe seo bhí dhá líne ann - an líne ghlas agus an líne dhearg - agus anois tá siad nasctha le chéile.

Tá muintir Bhaile Átha Cliath ag fanacht air seo ón mbliain 2013. Chosain an obair seo €368 milliún. Chuir an rialtas an t-airgead ar fáil. Bhí an obair an-chostasach ach úsáidfidh 10 milliún duine breise an Luas gach bliain as seo amach.



## Aimsir an gheimhridh fós anseo!

Thar an deireadh seachtaine thug Met Éireann rabhadh dúinn faoin aimsir. Bhí rabhadh faoi shneachta i 13 chontae agus faoi bháisteach throm i gcontaetha eile.

Bhí sé an-fhuar ar fad Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh agus thit sneachta ar fud na tíre. Dúirt siad go mbeadh an teocht an-íseal agus seans go mbeadh sé níos ísle ná -8 faoin reophointe.

Bhí cluichí peile curtha ar ceal de bharr na haimsire. Níor éirigh le St. Loman's agus Moorefield cluiche ceannais Laighean a imirt i bPort Laoise. Beidh an cluiche ar siúl ar an 17 Nollaig.

Bhí Fulham Irish agus Corofin le himirt freisin, ach bhí an iomarca sneachta ar an bpáirc. Níl socrú eile déanta fós.

## Manchester United agus Manchester City in iomaíocht ag an deireadh seachtaine

Nuair a bhíonn Manchester City agus Manchester United ag imirt i gcoinne a chéile bíonn spéis ag daoine sa chluiche. Toisc go bhfuil an dá fhoireann lonnaithe sa chathair chéanna bíonn siad i gcomórtas lena chéile.

Sa chéad leath, fuair Silva cúl do Manchester City. Ansin in am breise sa chéad leath fuair Rashford cúl do Manchester United agus chríochnaigh an dá fhoireann ar comhscór ag leath-am.

Go luath sa dara leath fuair Otamendi cúl do City. Níor éirigh le Manchester United cúl eile a fháil sa dara leath, mar sin bhí an bua ag Manchester City.

Bhuaigh Manchester City 14 chluiche i ndiaidh a chéile agus tá siad ag barr na sraithe. Is cosúil go mbeidh an bua acu ag deireadh an tséasúir, ach fós níl aon duine cinnte.

